# Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta

## Sula dtosaíonn an Ceamara ag Rolladh

Ábhair Tacaíochta

An t-Earrach 2026

Oide

# Film Language Activity
# Film Wall

Grúpa iomlán | 20 nóiméad | Póstaeir maidir le Céimeanna na Scannánaíochta

### Cur Síos

Sa ghníomhaíocht ghairid seo, spreagtar na rannpháirtithe chun plé a dhéanamh ar agus nóta a bhreacadh de theanga na scannánaíochta a bhaineann le gach céim de phróiseas na scannánaíochta

### Modh

- Cuirtear rannpháirtithe isteach i dtrí ghrúpa.
- Tugtar céim do gach grúpa – céim réamhléiriúcháin, léiriúchán agus céim iarléirithe.
- Oibríonn na rannpháirtithe sna grúpaí chun an oiread focal agus íomhánna a bhreacadh agus is féidir ar an bpóstaer ar leith a bhaineann leis an gcéim scannánaíochta atá acu.
- Iarrann an t-éascaitheoir ar na rannpháirtithe aistriú chuig an gcéad chéim eile agus chun cur leis an bpóstaer.
- Beidh an ghníomhaíocht thart nuair a chuireann gach grúpa le gach céim de phróiseas na scannánaíochta.

### Mo Nótaí/Mo Mhachnaimh



CC BY NC

# Réamhléiriúchán

| Focal nó Íomhá | Déan cur síos nó Tarraing |
| --- | --- |
| | |



CC BY NC

# Léiriúchán

| Focal nó Íomhá | Déan cur síos nó Tarraing |
|---|---|
| | |


CC BY NC

# Iarléiriúchán

| Focal nó Íomhá | Déan cur síos nó Tarraing |
|---|---|
| | |


CC BY NC

# Nótaí

# Gar-amharc ar Sheánra: An Téic Fada

Grúpaí Beaga | 20 nóiméad | Spás oscailte

### Cur Síos

Leis an ghníomhaíocht ghairid radhairc seo, ligtear do rannpháirtithe plé a dhéanamh ar cheamaradóireacht ina bhfuil téic fada, gné a fheictear go minic i gCineama Ealaíne na hEorpa.

### Modh

- Léann rannpháirtithe sliocht gairid as script scannáin agus déanann siad socrú maidir leis an rud neamhghnách.
- Ullmhaíonn na rannpháirtithe an sliocht gairid as script scannáin ag luas nádúrtha.
- Oibríonn na rannpháirtithe ó Nótaí an Stiúrthóra agus ullmhaíonn siad an radharc arís.

### Director's Notes

Bainfear úsáid as téic fada chun an suíomh seo a shiútáil. Smaoinigh faoi luas, coinnigh an stíl nádúrtha agus cuir an chuid seo a leanas leis:

- Moilligh gach gníomh go leath nó aon trian den luas bunaidh (chan mallghluaiseacht)
- Lig do thréimhsí fada ciúnais ina mbíonn faic ag tarlú; déan iarracht aird an lucht féachana a choinneáil ar dhóigh shéimh
- Bain úsáid as beagán gluaiseachta/comharthaí ach iad a bheith beacht m.sh. cóirigh gruaig, éadaí/ amharc ar uaireadóir / athraigh patrún anála ar feadh tamaillín etc.
- Amharcann na carachtair ar a chéile go séimh gan aon ráiteas/mhíniú/bhreithiúnas
- Lig do mhionathruithe sna mothúcháin
- Lig don fheitheamh/am/luas/seat fada a bheith mar fhócas sa rud atá ar siúl

### Déan athmhachnamh ar an eispéireas

- Cén dóigh a raibh an radharc sin éagsúil le radharc i scannán príomhshrutha de chuid Hollywood?
- Cad é mar a d'athraigh an leagan "téic fada" an fócas as bheith inste?
- Cad iad na mothúcháin/teannas a tháinig chun cinn gan aon rud a bheith ráite?

**Mo Nótaí/Mo Mhachnaimh**



CC BY NC

# Gar-amharc ar Sheánra: Cineama Ealaíne na hEorpa

**Sliocht as script scannáin (c. 30 soicind)**
**Carachtair: Alex, Robin, Charlie**
**Suíomh – stad bus ar shráid chiúin**

Tá Alex ag an stad bus ag fanacht leis an mbus. Tagann Robin isteach sa radharc chun fanacht leis an mbus chomh maith.

Alex: Maidin mhaith
Robin: Maidin mhaith

Sos gairid
An bhfuil tú ag fanacht i bhfad?
Alex: Níl, cúpla nóiméad go díreach.
Tagann Charlie isteach sa radharc agus rud aisteach/as an ngnáth ar láimh. Seasann ar shiúl ón bheirt eile ar ardán.
Sos níos faide.
Amharcann Alex ar Charlie go gairid agus amharcann ar Robin ina dhiaidh sin.

Alex: Ag labhairt go híseal le Robin. An bhfeiceann tú sin?
Robin: Feicim.
Tost.
Athraíonn Charlie an greim ar an rud aisteach/as an ngnáth.
Fanann an triúir.

Deireadh.

**Mo Nótaí/Mo Mhachnaimh**


CC BY NC

# Gar-amharc ar Sheánra: Cineama Ealaíne na hEorpa

**Sliocht as script scannáin (c. 30 soicind)**
**Carachtair: Alex, Robin, Charlie**
**Suíomh – stad bus ar shráid chiúin**

Tá Alex ag an stad bus ag fanacht leis an mbus. Tagann Robin isteach sa radharc chun fanacht leis an mbus chomh maith.

Alex: Maidin mhaith
Robin: Maidin mhaith

Sos gairid

An bhfuil tú ag fanacht i bhfad?
Alex: Níl, cúpla nóiméad go díreach.
Tagann Charlie isteach sa radharc agus rud aisteach/as an ngnáth ar láimh. Seasann ar shiúl ón bheirt eile ar ardán.

Sos níos faide. Amharcann Alex ar Charlie go gairid agus amharcann ar Robin ina dhiaidh sin.

Alex: Ag labhairt go híseal le Robin. An bhfeiceann tú sin?
Robin: Feicim.

Tost.

Athraíonn Charlie an greim ar an rud aisteach/as an ngnáth.

Fanann an triúir.
Deireadh.

Nótaí an Stiúrthóra
Déanfar an radharc seo a thaifeadadh mar thógáil fhada gan ghearradh. Smaoinigh ar an luas, coinnigh an stíl nádúrtha agus réalaíoch, agus cuir na rudaí seo a leanas leis:

- Moilligh gach gníomh go leathluas nó go trian den ghnáthluas – ní mallghluaiseacht atá i gceist.
- Fág tostanna fada ann nach dtarlaíonn aon rud iontu: déan iarracht aird an lucht féachana a choinneáil go réidh.
- Bain úsáid as gluaiseacht nó gothaí fíorbheaga ach an-chruinne, mar shampla: an ghruaig nó na héadaí a cheartú; breathnú ar uaireadóir; patrún análaithe a athrú ar feadh nóiméidín, srl.
- Breathnaíonn na carachtair ar a chéile go séimh, gan trácht, míniú ná breithiúnas.
- Lig d'athruithe beaga teacht ar na mothúcháin.
- Lig don fhanacht, don am, don luas agus don tógáil fhada a bheith i gcroílár a bhfuil ag tarlú..

## Nótaí



CC BY NC

# Ag freagairt: Feic, Tabhair Faoi Deara, Ceistigh

| | |
|---|---|
| Cad é a fheiceann tú? | Cad é a thugann tú faoi deara? |
| Cad é an cheist atá agat? | Smaointe ar bith eile |


CC BY NC

# Notes

# Gar-amharc ar Stíl: Cathaoir an Stiúrthóra

Grúpaí Beaga

20 minutes

Mata Boird - Cathaoir an Stiúrthóra

## Cur Síos

Leis an ghníomhaíocht ghrúpa seo, tugtar deis do na rannpháirtithe plé a dhéanamh ar stíleanna stiúrtha.

## Modh

- Leis an ghníomhaíocht ghrúpa seo, tugtar deis do na rannpháirtithe plé a dhéanamh ar stíleanna stiúrtha.
- Sa ghrúpa, roghnaigh stiúrthóir amháin chun plé a dhéanamh orthu.
- Cuir ainm an stiúrthóra i lár an mhata boird.
- Go haonarach, glacann gach rannpháirtí mír amháin agus baineann siad úsáid aisti chun cur síos a dhéanamh ar stíl an stiúrthóra a roghnaíodh.
- Déanann rannpháirtithe comparáid idir na cosúlachtaí agus na difríochtaí sna freagraí áirithe a thug siad.

## Athmhachnamh

- Cad iad na cosúlachtaí/difríochtaí a tháinig amach sna comhráite maidir le stíleanna na stiúrthóirí?
- Cad é a d'fhoghlaim tú maidir le stíl stiúrtha ón ngníomhaíocht seo?

### Mo Nótaí/Mo Mhachnaimh

# Cathaoir an Stiúrthóra



CC BY NC

# Nótaí


CC BY NC

# Ag freagairt: Feic, Cluin, Tabhair faoi deara

| | |
|---|---|
| Cad é a fheiceann tú? | Cad é a chluineann tú? |
| Cad é a thugann tú faoi deara? | Smaointe ar bith eile |


CC BY NC

# Amharc chun Critíc a dhéanamh: Freagairt

| Tionchar an Stiúrtha | Tionchar na Cineamatagrafaíochta |
|---|---|
| | |
| **Tionchar na Fuaime/ an Cheoil** | **Tionchar na hEagarthóireachta** |
| | |


CC BY NC

# Gar-amharc ar Sheánra: Bí i do Scannánóir

Grúpaí Beaga    10 - 15 nóiméad




### Cur Síos

Sa tasc grúpa seo, téann na rannpháirtithe i ngleic le ról an scannánóra chun scannánaíocht a léiriú i seánra na Scannán Grá.

### Modh

- Oibríonn na rannpháirtithe i ngrúpaí agus roghnaíonn siad cárta amháin ó gach catagóir chun scéal grá a chur le chéile
- Agus cártaí in úsáid acu, cuireann na rannpháirtithe nóta gairid nó dhó leis chun scéal a scannáin a insint go gonta
- Baineann na rannpháirtithe úsáid as mata boird na scannánaíochta chun plé a dhéanamh ar roghanna scannánaíochta chun Scéal Grá a léiriú ar an scáileán

### Déan athmhachnamh ar an eispéireas

- Cad é mar a chuidigh do roghanna chun an scéal grá a léiriú go héifeachtach ar scáileán?
- Cén dóigh ar athraigh do thuiscint ar an scéal ghrá mar sheanrá nuair a smaoinigh tú mar a bheadh an scannánóir ionat?

**Mo Nótaí/Mo Mhachnaimh**


CC BY NC

# Mata Ceisteanna na Scannánaíochta

| Cé hiad na carachtair? | Cad é mar a casadh ar a chéile iad ar dtús? | Cén bac atá ar an rómánsaíocht? | Cad é mar a thagann deireadh leis an rómánsaíocht? |
|---|---|---|---|
| | | | |

| | |
|---|---|
| Cad é mar a bhainfeá úsáid as scannánaíocht chun na carachtair seo a chur in iúl? (Smaoinigh orthu seo: ceamara, dath, feistis, seit/prapaí etc.) | |
| Cén áit a gcasann siad ar a chéile ar dtús? (smaoinigh orthu seo: suíomh agus an t-aicsean sa radharc – coinnigh simplí é m.sh. ag bualadh in éadan a chéile go fisiciúil ar shráid ghnóthach etc.) | |
| Cad iad na teicnící sa scannánaíocht a mbainfeá úsáid astu chun an fhadhb a léiriú? (smaoinigh orthu seo: uillinneacha an cheamara, gluaiseacht cheamara, cineálacha seat, luas, dath, fuaim etc.) | |
| Cad é mar ba mhaith leat go mothóidh an lucht féachana ag an deireadh agus cad é mar a bhainfidh tú é sin amach? (smaoinigh orthu seo: uillinneacha an cheamara, gluaiseacht cheamara, luas, dath, fuaim etc.) | |

# Nótaí

# Scannánaíocht Frámaí Reoite

Grúpaí Beaga | 10 nóiméad

## Cur Síos

Tugann an ghníomhaíocht ullmhúcháin seo, a bhogann ar aghaidh go tapa, deis do na rannpháirtithe chun smaoineamh go gasta chun frámaí reoite a chruthú.

## Modh

Riar rannpháirtithe ar ghrúpaí ceathrar

- Roghnaíonn gach duine sa ghrúpa ceann de na nithe seo a leanas: áireamh; aibítir; stad, uimhir.
- Maidir leis an té a bhfuil ‘aibítir’ pioctha aige, iarrann an t-áisitheoir air an aibítir a aithris ina intinn arís is arís eile agus iarrann ar an té a bhfuil ‘áireamh’ pioctha aige áireamh os ard idir a haon go dtí a ceathrar arís is arís eile.
- An té a bhfuil ‘stad’ aige, glaonn siad ‘stad’ de réir mar is mian leis.
- Ní foláir don té a bhfuil ‘uimhir’ aige an uimhir dheireanach a áiríodh os ard a rá.
- An té a bhfuil ‘aibítir’ aige a ainmníonn an litir a raibh sé air nuair a cuireadh stad leis.
- Ceapann rannpháirtithe focail ansin dár tús litir na haibítre a roghnaíodh. Is ionann an líon focal agus an uimhir a áiríodh os ard.
- Iarrann an t-áisitheoir ar gach grúpa scannán pictiúir reoite a cheapadh chun gach focal a roghnaigh siad a léiriú.
- Roinneann gach grúpa ina dhiaidh a chéile a bpictiúr reoite leis an ngrúpa go léir, agus ní foláir do na rannpháirtithe eile an litir, na focail, agus an líon ceart focal a thomhas.

**Mo Nótaí/Mo Mhachnaimh**

# Nótaí

# Cártaí Leide

Grúpaí Beaga | 20 nóiméad | Greeting Cards

### Cur Síos

Sa ghníomhaíocht ghrúpa seo, tacaítear leis na rannpháirtithe chun spreagthaí a úsáid chun réimse d'fhéidearthachtaí cruthaitheacha a spreagadh agus a chruthú.

### Modh

- Taispeánann an t-áisitheoir cárta beannachta don ghrúpa agus pléitear na ceisteanna seo a leanas:  Cé dó a bhfuil an cárta seo? Cé a chuir an cárta? Cén fáth ar chuir siad an cárta? Cén scéal a insíonn an cárta dúinn?
- Oibríonn rannpháirtithe ina ngrúpaí chun cárta beannachta a roghnú mar spreagadh.
- Tugann gach ball den ghrúpa a fhreagra féin ar an gcárta beannachta leis na ceisteanna céanna.
- Roinneann rannpháirtithe a gcéad fhreagra lena chéile.
- Pléann rannpháirtithe na féidearthachtaí cruthaitheacha (lena n-áirítear seánra/tréimhse/stíl/foirm agus tionchar ag saothar eile) atá sa chárta agus na freagraí i measc an ghrúpa.
- Socraíonn an grúpa cé acu scéal a rachaidh siad leis ina gcuid saothar cruthaitheach.
- Cuireann gach grúpa a smaointe i láthair ar bhealach cruthaitheach (lena n-áirítear tionchair) don ghrúpa ar fad.

### Gníomhaíochtaí sa bhreise féideartha

- Déan na cártaí beannachta a bhabhtáil le haghaigh réimse éagsúil spreagthaí.
- Athraigh na ceisteanna maidir le freagraí tosaigh e.g. Cad a fheicim? Cad a thugaim faoi deara? Cad a thagann chun cinn?
- Bain úsáid as na cártaí leide chun tacú le rannpháirtithe a machnamh a dhéanamh ar a n-eispéiris (a) ina ngrúpaí nó (b) ina n-aonair.

**Mo Nótaí/Mo Mhachnaimh**

## Nótaí

# Fráma Aiseolais A.C.T.

Grúpa iomlán | 8-10 nóiméad | Seated in circle

## Cur Síos

Sa ghníomhaíocht seo tacaítear leis na rannpháirtithe chun aiseolas a thabhairt agus chun cuidiú le daoine aonair nó le grúpaí an fhoghlaim a bhogadh chun cinn.

## Modh

- Fad a bhíonn a gcuid oibre nó a smaointe cruthaitheacha á chur i láthair acu, féadann rannpháirtithe an struchtúr sin a úsáid chun aiseolas a fháil ar a gcuid oibre nó smaointe.
- Glacann rannpháirtithe sealanna chun a insint dá chéile rud a thaitin leo, chun ceist a fhiafraí, nó chun moladh dearfach a thabhairt.

**A**bair rud a thaitin leat

**C**uir ceist

**T**abhair moladh dearfach

**Mo Nótaí/Mo Mhachnaimh**

# Feedback Frame: Gar-amharc, Peanáil, Gníomh!

Grúpa iomlán | 8-10 nóiméad | Seated in circle

## Cur Síos

Tacaíonn an fráma aiseolais seo leis na rannpháirtithe chun éisteacht le haiseolas agus é a fháil. Dá bharr sin, tá slí ann chun gur féidir le rannpháirtithe a gcuid smaointe a fhorbairt agus chun an fhoghlaim a chur chun cinn le linn an phróisis chruthaithigh.

## Modh

- Úsáideann rannpháirtithe na leideanna seo a leanas chun aiseolas a thabhairt dá bpiaraí le linn an phróisis chruthaithigh.
- Déanann rannpháirtithe nóta den aiseolas sin agus athmhachnamh ina dhiaidh sin sa Phunann LDSA.

### Gar-amharc

Déan cur síos ar ghné amháin den obair a sheasann amach



### Peanáil

Moladh amháin de rud le leanúint nó le fiosrú




### Aicsean

Céimeanna atá le glacadh againn anois chun an obair a bhogadh ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile.

### Leideanna Aiseolais

Tar éis dom cur i láthair don ghrúpa ar fad:

Cad é an t-aiseolas a theastaíonn uaim a chur lenár gcuid oibre?

Cad é an t-aiseolas a léireoimid?

Cad iad na róil a theastaíonn le haghaidh na chéad chéime eile san obair?


CC BY NC

# F.I.F.M.

F = Fócas
Cad é fócas na foghlama?

I = Intinní
Cad é an fhoghlaim bheartaithe do mo scoláirí?

F = Foghlaim
Cad iad na heispéiris foghlama a dtabharfaidh scoláirí a n-aghaidh faoi?

M = Monatóireacht
Conas a bheidh a fhios agam agus ag mo scoláirí gur baineadh an fhoghlaim amach?

## Nótaí


CC BY NC